Bileog 1.1 A Teaghlach Mhic Gearailt

Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat chun na nithe seo a leanas a fháil amach: (i) cén t-ainm atá ar gach duine nach bhfuil eolas agatsa faoi/fúithi agus (ii) cá bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí. Beidh tusa ag cur an eolais atá agatsa ar fáil chomh maith.

An mháthair, Siobhán.

Cónaí: Cluain Sceach.

An t-athair, _____

Cónaí: _____

An deartháir is sine, Seán.

Cónaí: Gaillimh.

An deartháir is óige, _____

Cónaí: _____

Is duine de chúpla í Ciara.

Cónaí: Béal Feirste.

Is duine de chúpla í _____

Cónaí:_____

Bileog 1.1 B Teaghlach Mhic Gearailt

Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat chun na nithe seo a leanas a fháil amach: (i) cén t-ainm atá ar gach duine nach bhfuil eolas agatsa faoi/fúithi agus (ii) cá bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí. Beidh tusa ag cur an eolais atá agatsa ar fáil.

An mháthair, _____

Cónaí: _____

An t-athair, Peadar.

Cónaí: Cluain Sceach.

An deartháir is sine, _____

Cónaí:_____

An deartháir is óige, Pól.

Cónaí: sa Fhrainc.

Is duine de chúpla í _____

Cónaí:_____

Is duine de chúpla í Clár.

Cónaí: sa bhaile.

Bileog 1.2

Anois féach arís ar an teaghlach a chonaic tú ar **Bileoga 1.1A** agus **B** agus scríobh ainm agus sloinne gach duine sa chrann thíos. Faigh cabhair ón duine in aice leat.

Teaghlach Mhic Gearailt



Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

Abair amach os ard gach ainm sa chrann leis an duine in aice leat.
Cén fáth a bhfuil na sloinnte sa chrann difriúil óna chéile?
An bhfuil aon eolas agat faoin sloinne Mac Gearailt?

Bileog 1.3 Sloinnte na hÉireann

A - Roghnaigh an cúige ceart le ceangal leis na cearnóga thíos:

Cúige Uladh
Cúige Chonnacht
Cúige Mumhan
Cúige Laighean

B - Baineann sloinnte na hÉireann le cúigí ar leith sa tír. Féach féin agus an duine in aice leat ar an liosta sloinnte sa bhosca. An féidir libh na sloinnte i nGaeilge a cheangal leis na sloinnte céanna i mBéarla ar an léarscáil thíos?

Ó Mórdha	Ó Ceallaigh	Mac Gabhann
Ó Conchobhair	Mac Cárthaigh	Ó Dochartaigh
Ó Conghaile	Ó Fearaíl	De Búrca
Mac Gearailt	Ó Néill	Ó Briain
Ó Máille	Mac an Bhaird	Ó Tuathail

3. Cúige Chonnacht

Connolly
O'Malley
Kelly
Bourke



4. Cúige Uladh

Ward
McGowan/Smith
Doherty
O'Neill

1. Cúige Laighean

Moore
O'Farrell
O'Toole

2. Cúige Mumhan

O'Connor
Fitzgerald
Mac Carthy
O'Brien

C - Labhair le daoine eile sa rang agus pléigh na ceisteanna seo leo:

- An maith leat do shloinne?
- Cén cúlra a bhaineann le do shloinne?

Bileog 1.4

Féach ar na tíortha thíos. An bhfuil a fhios agat cad is brí leo?
Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht an duine ón tír a scríobh. Tá an chéad cheann déanta daoibh.

An Iodáil	Iodálach
An Spáinn	_____
An Fhrainc	_____
An Bheilg	_____
An Ollainn	_____
An tSualainn	_____
An Iorua	_____
An Pholainn	_____
An Ghréig	_____
An Phortaingéil	_____
An Rúis	_____
An Astráil	_____
An Afraic	_____
An tSín	_____
An tSeapáin	_____
Sasana	_____
Meiriceá	_____

Cén dóigh a bhfoghlaimíonn tú féin focail úra?

An bhfuil na focail thuas (na tíortha) baininscneach nó firinscneach?

An bhfuil an stíl chéanna ag an duine in aice leat?

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag imirt cluiche ar ball - míneoidh an teagascóir na rialacha daoibh. Beidh sibh ag úsáid na gceisteanna seo le linn an chluiche:

An as an Danmhairg tú?	Is ea/Ní hea
An Sualannach tú?	Is ea/Ní hea

Bileog 1.5

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na cártaí poist thíos agus scríobhaigí an tír a bhfuil na cártaí ag tagairt di, dar libh.



Cad a shíleann daoine faoi Éirinn? An bhfuil clú agus cáil orainn as aon rud faoi leith? Scríobh féin agus an duine in aice leat cúpla abairt ag déanamh cur síos ar Éirinn. Tá cúpla focal thíos le cuidiú libh.



- An litríocht
- Guinness
- Daoine cairdiúla
- Saibhir
- Ceol agus craic

Bileog 1.6

Seo foirm de chuid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a fuarthas ar an idirlíon. Líon isteach do chuid sonraí pearsanta sa chéad chuid den fhoirm seo thíos. Ansin féach ar an dara cuid leis an duine in aice leat – an dtuigeann sibh na ceisteanna?

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive
Easy Access - Public Confidence - Staff Pride

Cuid 1A Sonraí an iarratasóra

Céad Ainm(neacha) _____

Seoladh _____

Seoladh líne 1 _____

Seoladh líne 2 _____

Seoladh líne 3 _____

Seoladh líne 4 _____

Baile / Ceantar Poist _____

Contae _____

An bhfuil cónaí ort leat féin? Más *Níl*, cé leis/léi a bhfuil cónaí ort?

_____

Do shloinne breithe: _____

Seoladh Rphoist: _____

An bhfuil tú? (Ticeáil mar is cuí)

Pósta
I do chónaí le duine eile
Singil
I do bhaintreach (fir)
Scartha / Colscartha

An raibh tú ábalta buille faoi thuairim a thabhairt faoi na focail nach raibh ar eolas agat? An bhfaigheann tú féin riamh foirmeacha Gaeilge?

Bileog 1.7

Sula n-éisteann tú le beirt chainteoirí ag rá cén áit go díreach a bhfuil siad ina gcónaí bí ag obair leis an duine in aice leat le bheith cinnte go dtuigeann sibh na focail seo:

sa chathair/sa bhaile	ar imeall na cathrach/ar imeall an bhaile
i mbruachbhaile	díreach in aice leis an fharraige
ceantar tuaithe	iargúlta

An féidir libh chomh maith na logainmneacha seo a cheangal leis na leagain Bhéarla?

Carndonagh	Málainn
Ballygorman	Ranalach
Dunaff	Bóthar na Canálach
Malin	Ardán na Páirce
Ranelagh	Baile Uí Ghormáin
Field's Terrace	Carn Domhnach
Canal Road	Dún Damh

Anois, éist leis an bheirt chainteoirí ag rá cén áit go díreach a bhfuil siad ina gcónaí. Cuir tic san áit cheart ar an léarscáil. Bí cúramach áfach, tá logainmneacha i mBéarla ar na léarscáileanna ach tá siad i nGaeilge ag na cainteoirí.

Cainteoir 1



Cainteoir 2

Scríobh cuntas beag anois ar an áit a bhfuil tú féin i do chónaí.

_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

Terrace an Ghaeilge atá ar **Ardán**. Cén Béarla atá ar na focail seo:

Bóthar	Céide
Sráid	Cearnóg
Ascaill	Páirc
Plás	Cluain

Bileog 1.8

Duine A

Seo thíos an ceantar a bhfuil tú i do chónaí ann. Déan cur síos air don duine in aice leat ag úsáid na bhfocal ar dheis.

sliabh/sléibhte
abhainn/aibhneacha
loch/lochanna
páirc/páirceanna
cnoc/cnoic
oileán/oileáin
trá/tránna

Pléigh leis an duine in aice leat: Cad iad na focail eile atá ar eolas agat le cur síos a dhéanamh ar cheantar faoin tuath nó sa chathair?

Duine B

Seo thíos an ceantar a bhfuil tú i do chónaí ann. Déan cur síos air don duine in aice leat ag úsáid na bhfocal ar dheis.

ionad siopadóireachta
ionad aclaíochta
siopa físeán
siopa búistéara
bácús
siopa poitigéara
siopa nuachtán
siopa grósaera

Pléigh leis an duine in aice leat: Cad iad na focail eile atá ar eolas agat le cur síos a dhéanamh ar cheantar faoin tuath nó sa chathair?

Bileog 1.9

(a) Beidh tú ag léamh píosa as www.beo.ie a scríobh Deirbhile Ní Churraighín faoina ceantar dúchais. Seo cuid den stór focal a bheidh sa phíosa. Bí ag obair leis an duine in aice leat - an féidir libh na frásaí Gaeilge ar chlé a cheangal leis na haistriúcháin Bhéarla ar dheis?

níos cóngaraí de mo chroí	*the Steps*
is iomaí uair	*in the bog*
a d'éalaigh mé	*that I escaped*
na céimeanna	*nearer my heart*
sa phortach	*return*
thar lear	*in my memory permanently*
go buan i mo chuimhne	*it is often*
pilleadh	*abroad*

Féach ar na focail bheaga –
***sa/na/i mo* le cuidiú libh**

(b) Anois léigh an píosa os ard leis an duine in aice leat.



Is beag áit atá níos cóngaraí de mo chroí ná áit ar bith eile, ach amháin trá Mhálainn Bhig i nGleann Cholm Cille lá breá samhraidh, b'fhéidir. Is iomaí uair a d'éalaigh mé síos na céimeanna sin agus a chaith mé lá iomlán ar an trá nuair a bhí súil liom áit éigin eile - sa phortach, mar shampla. Le cois Málainn Bhig, tá cúpla áit eile in Éirinn agus thar lear a fhanfaidh go buan i mo chuimhne agus a bhfuil fonn orm pilleadh orthu san am atá romhainn.

(c) Éist le hAoife Ní Chonchúir ag déanamh cur síos ar an árasán a bhfuil sí ina cónaí ann i mBaile Átha Cliath agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt. Ansin cuir na freagraí i gcomparáid leis an duine in aice leat.

- An maith le hAoife a bheith ina cónaí i lár na cathrach?
- Cén cineál áiseanna atá sa cheantar?
- Cad eile a deir Aoife faoin cheantar?

Breac síos na haidiachtaí ar fad a chuala tú agus Aoife ag caint. _____
_____

Bileog 1.10

Beidh tú féin agus na daoine eile i do ghrúpa ag caint faoi na háiteanna a bhfuil sibh in bhur gcónaí iontu. Caith tamall leat féin ag smaoineamh ar rudaí le rá faoi do cheantar féin ar dtús. Breac síos focal ar bith eile cosúil leis na focail atá sna scamaill. Féach ar an chomhrá samplach chomh maith le cuidiú leat. Nuair a bheidh sibh réidh chun cainte, bainigí úsáid as na ceisteanna i lár na bileoige.

Tá áiseanna den scoth ann!

Is breá liom é.
Tá sé go breá.
Tá sé áisiúil.

- Déan cur síos ar do cheantar.
- An bhfuil áiseanna maithe ann?
- An dtaitníonn an ceantar leat?

Salach
Torannach/glórach
Garbh

Tá gá le páirc.
Tá ionad spóirt ag teastáil.

Comhrá Samplach

- Cén áit a bhfuil tú i do chónaí?
- Tá mé i mo chónaí i Ros Coill.
- Cá bhfuil sé sin go díreach?
- Tá sé fiche nóiméad ó Leitir Ceanainn.
- An bhfuil áiseanna ar bith sa cheantar?
- Tá, tá siopa beag ann agus teach tábhairne.
- Sin an méid! An dtaitníonn an ceantar leat?
- Taitníonn. Taitníonn sé go mór liom. Tá sé díreach in aice leis an fharraige agus is breá liom é sin.